

Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta (25 Meitheamh 2018)

1. Uasdátú ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Foilsíodh na himlitreacha ([0021/2018](#) agus [0022/2018](#)) don *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim)* ag tús mí Aibreáin 2018 don scoilbhliain 2018/19.
- Tá liosta de na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna go léir atá páirteach sa *Scéim* foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- Níor léirigh aon scoil Ghaeltachta bhreise spéis sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta don scoilbhliain 2018/19. Tabharfar deis eile do scoileanna Gaeltachta a bheith rannpháirteach sa Scéim i 2019/20.
- Níl sé i gceist go bhfoilseofar liosta de na scoileanna nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim fós, de bharr go bhfuil sé oscailte do na scoileanna seo an rogha sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama cúig bliana an Pholasáí.
- Ní bhfaighidh aon scoil stádas mar scoil Ghaeltachta go dtí go mbeidh na critéir theanga-bhunaithe, de réir mar atá leagtha amach sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta, curtha i bhfeidhm acu.

2. Na pleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile-uile

- Tá plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile-uile curtha faoi bhráid na Roinne ag an 106 bunscoil agus 28 iar-bhunscoil a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta le linn an tréimhse ama ó 2017 go 2018.
- Tá athbhreithniú déanta ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta le tacaíocht na Cigireachta ar na pleananna gníomhaíochta agus toradh an athbhreithnithe sin curtha in iúl do na scoileanna. Cé go raibh obair bhreise le déanamh ar phleananna áirithe, tá na pleananna gníomhaíochta go léir inglactha ag an Roinn anois chun na critéir-theanga bhunaithe don tumoideachas a chur i bhfeidhm céim ar chéim.
- Dá bharr sin, gheobhaidh na scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* na huairteanta breise tacaíochta teanga. Is ionann na huairteanta breise sin agus coibhéis lánaimseartha 40 mínteoir (30 mínteoir ag leibhéal na bunscoile agus 10 mínteoir ag leibhéal na hiar-bhunscoile) don scoilbhliain 2018/2019 agus an deontas de €1200, de réir choinníollacha na nImlitreacha 0021/2018 agus 0022/2018.
- Tá sé i gceist ag an AOG i gcomhpháirt le COGG *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna - An Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais* a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2018. Fáilteoidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scoileanna anois roimh aiseolas ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí na scoileanna ar mhaithe leis na táscairí dea-chleachtais a leasú de réir mar is gá.
- Leanfar leis na cuairteanna comhairleacha ar na scoileanna sa Scéim ag an gCigireacht ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh.

3. Tionscadal píolótach do mhol ríomhfhoghlama

- Cuirfidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta tús leis an tionscadal píolótach trí bliana i 2018/19 chun iar-bhunscoileanna a nascadh go digiteach.

- Is é cuspóir an tionscadail phíolótach seo ná raon na n-ábhar curaclaim a mhéadú do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta ionas gur féidir leo ábhair a rochtain nach bhfuil ar fáil dóibh faoi láthair ina n-iarbhunscoileanna féin.
- Tá tuairisc thaighde *ar fhoghlaim ar líne* agus plean gníomhaíochta curtha faoi bhráid AOG ag comhlacht sainchomhairleoirí chun an tionscadal seo a threorú.
- Le déanaí, sheol AOG cóip d'fhoirm iarratais maidir le: *Iarratas ar ríomh-Mhúinteoir: Fisic Ardteistiméireacht Ardleibhéal le bheith páirteach i dTionscadal Píolótach ríomh-Mhol* chuig iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí ag lorg iarratais ó mhúinteoirí fisice gur suim leo a bheith ina ríomh-Mhúinteoirí. Iarradh ar iar-bhunscoileanna an t-eolas a scaipeadh agus é a roinnt le boird bhainistíochta na n-iarbhunscoileanna.
- Ní féidir le múinteoir a bheith ina ríomh-Mhúinteoir ach amháin sa chás go bhfuil sé/sí fostaithe faoi láthair in iar-bhunscoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta nó in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá an chuid eile den tionscadal píolótach seo teoranta do na hiar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*.
- Tá rannpháirtíocht na ríomh-Mhúinteoirí ag brath ar chomhoibriú na n-iarbhunscoileanna ina mbeidh siad lonnaithe.
- Tá iarratais faighte ag an Roinn laistigh den spriocdháta agus tá sé i gceist go roghnófar beirt ríomh-Mhúinteoirí trí phróiseas roghnúcháin ag tús mí Iúil 2018.
- Má éiríonn leis an tionscadal nuálach seo, déanfar é a leathnú go hiar-bhunscoileanna eile sa Ghaeltacht a bhfuil spéis acu ann sa todhchaí. Cuirfidh sé seo ábhair bhreise ar fáil trí mheán na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta. Cruthófar an deis freisin chun an teicneolaíocht, faisnéise agus cumarsáide (TFC) a leabú sa teagasc, sa bhfoghlaim agus sa mheasúnú.

4. Na hOileáin

- Ar an 17 Meitheamh, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D. pacáiste tacaíochtaí imfháilithe breise chun tacú le hiar-bhunscoileanna na n-oileán i gceantair Ghaeltachta. Áirítear mar chuid de phacáiste na dtacaíochtaí breise seo:
 - Méadú ar leithdháileadh na múinteoirí do gach ceann de na hiar-bhunscoileanna sna hoileáin Ghaeltachta ón leithdháileadh coibhéis 1 phost lán-aimseartha, mar atá faoi láthair, go coibhéis 1.5 lán-aimseartha ó Mheán Fómhair 2018.
 - Buiséad imfháilithe €15,000 breise in aghaidh na bliana do gach iar-bhunscoil sna hoileáin Ghaeltachta chun córais oibríochtúla breise a chlúdach.
 - Beidh Coláiste Naomh Eoin, a bhí mar Aonad Teanga (an tAonad) roimhe sin, mar scoil neamhspleách ann féin ar Inis Meáin, Contae na Gaillimhe. Mar thoradh ar an athrú stádais seo, bunófar bord bainistíochta do Choláiste Naomh Eoin, déanfar príomhoide agus leas-phríomhoide nua a cheapadh, agus beidh leithdháileadh gnáth-chaipitíochta agus deontas eile ar fáil ag BOO na Gaillimhe/Ros Comáin don scoil.
- Tá an pacáiste seo faighte ag cúig iar-bhunscoil lonnaithe ar oileáin na Gaeltachta i gContaetha na Gaillimhe agus Dhún na nGall. Tá gach ceann de na cúig scoileanna faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) na Gaillimhe/ Ros Comáin agus Dhún na nGall.
- Caithfidh gach BOO cur chuige comhordaithe agus straitéiseach a chur i bhfeidhm maidir leis na hacmhainní breise seo a bhainistiú agus a dháileadh ar scoileanna Gaeltachta.
- Beidh gá ag gach iar-bhunscoil, mar riachtanas dá bpáirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, sainspriocanna agus sainghníomhaíochtaí a ionchorprú ina plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile atá forbartha acu.
- Mar chuid de bhuiséad 2017, fuair gach bunscoil aon-oide ar oileán múinteoir breise.
- Ba chóir freisin go mbeadh acmhainní á roinnt idir scoileanna agus go ndéantar sineirgí a fhorbairt chun feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna na oileán Gaeltachta.

5. Forás

- Faoi choinníollacha imlitir 0022/2018, a bhaineann leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta, cuirfear tús le *Forás* (clár forbartha teanga píolótach don Ghaeilge) in dhá iar-bhunscoil atá páirteach sa *Scéim* ó Mheán Fómhair 2018.
- Faoin gclár seo, déanfar beirt mhúinteoir (.i. múinteoir breise amháin i ngach ceann de dhá iar-bhunscoileanna) lasmuigh den chuóta a dháileadh chun clár teanga a phíolótú sna hiar-bhunscoileanna seo, agus é mar chuspóir acu tacú le sealbhú na Gaeilge agus daingniú na foghlama.
- Nuair a seoladh Imlitir 0022/2018 chuig iar-bhunscoileanna Gaeltachta tugadh an deis dóibh foirm um léiriú spéise chun bheith páirteach sa chlár a chur faoi bhráid na Roinne.
- Tá athbhreithniú déanta ar na foirmeacha um leiriú spéise a fuarthas agus is iad an dá scoil a roghnaíodh ná: Pobalscoil Ghaoth Dobhair agus Meánscoil San Nioclás i Rinn Ó gCuanach.
- Déanfar meastóireacht chúramach ar thorthaí an phíolótaigh seo agus beidh an fhoghlaim a eascróidh as mar bhonn eolais don chleachtas in iar-bhunscoileanna Gaeltachta eile sa toadhcháí.

6. Uasdátú ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

- Ag deireadh Mhí an Mhárta 2018, d'fhógair an t-Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D dhá chlár oideachas múinteoirí nua trí mheán na Gaeilge: cúrsa 4-bliana Baitsiléir Oideachais (B.Oid.) trí mheán na Gaeilge d'ábhar oidí ag an mbunleibhéal, agus céim Mháistreachta san Oideachas (M.Oid.) do bhunmhúinteoirí agus d'iar-bhunmhúinteoirí, príomhoidí san áireamh.
- Is é an cuspóir a bhaineann leis an dá chlár seo ná cur leis an líon múinteoirí ar féidir leo oideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus cur le cumas Gaeilge na múinteoirí atá ann faoi láthair.
- Beidh €7m nach mór infheistithe sna chlár nua oideachais do mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge. Beidh 60 áit ar fáil idir an dá chlár seo in aghaidh na bliana.
- Is iad Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Mhuire gan Smál a chuirfidh na cúrsaí ar fáil. Beidh fáil ó Institiúid Oideachais Marino ar an gcúrsa 4-bliana Baitsiléir Oideachais (B.Oid.) trí mheán na Gaeilge do bhunmhúinteoirí a thosóidh i 2019 agus déanfaidh Coláiste Mhuire gan Smál céim Mháistreachta san Oideachas (M.Oid.) a reáchtáil do bhunmhúinteoirí agus d'iar-bhunmhúinteoirí, príomhoidí san áireamh, a thosóidh i 2018.
- Bunaíodh dhá ghrúpa monatóireachta le hionadaithe ón ROS, COGG, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Mhuire gan Smál, chomh maith le beirt saineolaithe oideachais do mhúinteoirí, chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcúrsaí. Bhí an chéad chruinniú ag an dá ghrúpa ar an 15/05/18.
- Mar chuid d'fheidhmiú an *Pholasaí*, chuir an Roinn 2 phost teagaisc breise ar fáil freisin don chlár oideachas múinteoirí ag OÉG, an *Máistir Gairmiúil san Oideachas*, trí shocruithe iasachtaí. Is é an cuspóir a bhaineann leis an 2 phost breise seo a sholáthar ná an líon múinteoirí iar-bhunscoile ar féidir leo raon ábhar a sholáthar trí mheán na Gaeilge a mhéadú. Leanfar leis an soláthar seo don scoilbhliain 2018/19.

7. Luathblianta

- Tá straitéis agus plean gníomhaíochta á bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun freastal ar riachtanais oideachais na luathbhlianta sa Ghaeltacht.